Eisithe ag *Leabhair*COMHAR
28.08.2025

**Preasráiteas**

**Leabhar nua *Katie agus an Pacáiste Rúnda***
**scríofa ag Éadaoin Ní Dhomhnaill**
**foilsithe ag *Leabhair*COMHAR**

Is cúis mhór mórtais í do *Leabhair*COMHAR go bhfuil leabhar nua do léitheoirí óga, *Katie agus an Pacáiste Rúnda*, foilsithe agus ar fáil anois don phobal. Is é seo an chéad úrscéal ó pheann Éadaoin Ní Dhomhnaill, údar óg as Inis Meáin.

Úrscéal bleachtaireachta do pháistí níos sine/luathdhéagóirí é an leabhar seo, atá lán le haicsean agus le mistéir. Is iomaí cor agus casadh i bplota an scéil, agus bainfidh léitheoirí óga an-sult as Katie agus a cairde a leanúint agus í ag iarraidh an mistéir seo a réiteach. Tá an leabhar scríofa i nGaeilge shoiléir, agus tá gluais chabhrach ag cúl an leabhair chomh maith. Bhuaigh an scéal seo duais ag Gradaim Liteartha an Oireachtais in 2022.

'*Ba iad na scéalta ba mhó a thaitin liomsa agus mé óg ná scéalta bleachtaireachta: leabhair Enid Blyton, an tsraith 'Alex Rider' le Anthony Horowitz, agus na leabhair 'Artemis Fowl' le Eoin Colfer',* a dúirt Éadaoin Ní Dhomhnaill, údar an leabhair. *'Mar sin, agus mé ag tabhairt faoin leabhar seo, bhí a fhios agam go raibh mé ag iarraidh scéal bleachtaireachta a scríobh! Bhain mé an oiread taitnimh as an leabhar seo a scríobh agus tá mé ar bís go bhfuil sé amuigh sa domhan mór ar deireadh! Míle buíochas leis na foilsitheoirí Leabhair*COMHAR*, leis na maoinitheoirí Foras na Gaeilge agus An Chomhairle Ealaíon, agus le gach duine eile a thacaigh liom leis an leabhar seo.'*

Sa scéal seo caitheann Katie, príomhcharactar an leabhair, laethanta saoire an tsamhraidh ag spiaireacht ar a tuismitheoirí agus ar a deirfiúr, Ríona. Ansin goidtear pacáiste óna Daideo agus tugann Katie agus a cara Páidín faoin bhfiosrúchán. Tá Katie cinnte go mbeidh siad in ann breith ar an ngadaí, ach níl rudaí baileach chomh simplí is a shíleann sí, agus faigheann sí amach nach bhfuil i bpacáiste Dhaideo ach an chuid is lú den scéal…

*'Tréaslaím le hÉadaoin go bhfuil an leabhar iontach seo réidh le roinnt le léitheoirí anois',* arsa Deirdre Ní Fhloinn, Feidhmeannach Foilsitheoireachta *Leabhair*COMHAR. *'Is carachtar iontach láidir í Katie, a léiríonn an-mhisneach agus í ag tabhairt faoin gcás seo. Táim cinnte go mbeidh an-spraoi ag léitheoirí óga agus iad ag iarraidh an mistéir seo a réiteach in éineacht léi.'*

Seolfaidh Fearghas Mac Lochlainn an leabhar go hoifigiúil, Déardaoin, an 30 Deireadh Fómhair mar chuid de Oireachtas na Samhna 2025.

**CRÍOCH**

Tuilleadh eolais: [leabhaircomhar@comhar.ie](mailto:leabhaircomhar@comhar.ie) / (01) 675 1922 / [www.comhar.ie/leabhair](http://www.comhar.ie/leabhair)

*Leabhair*COMHAR Foras na Gaeilge the arts council an chomhairle ealaíon cistiú litríocht

Eisithe ag *Leabhair*COMHAR
28.08.2025

**Eolas don eagarthóir:**

<u>An leabhar:</u>
Teideal: *Katie agus an Pacáiste Rúnda*
Údar: Éadaoin Ní Dhomhnaill
ISBN: 978-1-7395129-7-2
€12
Dáta foilsithe: 18.08.2025
Foilsitheoir: *Leabhair*COMHAR

Ar fáil le ceannach ó [https://comhar.ie/leabhair/katie-agus-an-pacaiste-runda/](https://comhar.ie/leabhair/katie-agus-an-pacaiste-runda/) agus ón Siopa Leabhar (Conradh na Gaeilge). Más díoltóir leabhar tú, déan teagmháil linn ag [oifig@comhar.ie](mailto:oifig@comhar.ie) nó leis an dáileoir leabhar ÁIS ([ais@forasnagaeilge.ie](mailto:ais@forasnagaeilge.ie)).

<u>An t-údar:</u>
Is scríbhneoir agus eagarthóir as Inis Meáin, Árainn, í Éadaoin Ní Dhomhnaill. Bhain sí céim mháistreachta sa scríbhneoireacht amach in 2024 agus tá sí ag obair mar eagarthóir leis an teach foilsitheoireachta Futa Fata ó shin. Roghnaíodh Éadaoin le bheith mar dhuine de dheichniúr ealaíontóirí as an tír ar fad ar an bpainéal *New Voices* ag Comhdháil Idirnáisiúnta Leabhair Pháistí Éireann 2025.

Is é *Katie agus an Pacáiste Rúnda* an chéad úrscéal a scríobh sí. Bronnadh duais ar an scéal seo ag Comórtais Liteartha an Oireachtais 2022.

<u>COMHAR:</u>
Príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge is ea COMHAR, atá i mbun ghnó na foilsitheoireachta ó 1942 i leith.

I measc na dtograí atá faoi chúram COMHAR tá,
- *Comhar* - iris mhíosúil liteartha na Gaeilge
- *Leabhair*COMHAR - inphrionta foilsitheoireachta leabhar
- COMHAR*Taighde* - iris acadúil phiarmheasta bhliantúil

Tá COMHAR buíoch de Fhoras na Gaeilge, de Chlár na Leabhar Gaeilge, den Chomhairle Ealaíon agus d’Acadamh Ríoga na hÉireann as a dtacaíocht leanúnach sna tograí seo.

<u>*Leabhair*COMHAR:</u>
Bunaíodh an t-inphrionta foilsitheoireachta *Leabhair*COMHAR athuair in 2009 chun nualitríocht agus nuascríbhneoireacht na Gaeilge a fhorbairt, chomh maith le rogha den scoth de scríbhneoirí agus ábhair a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm ag COMHAR mar eagraíocht scríbhneoirí úra a earcú agus a chothú ar bhonn leanúnach.

Tuilleadh eolais: [comhar.ie/eolas](https://comhar.ie/eolas)

*Leabhair*COMHAR Foras na Gaeilge the arts council an chomhairle ealaíon cistiú litríocht